# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012

## C U N T A S A Í O C H T – G N Á T H L E I B H É A L

**(400 marc)**

DÉ LUAIN 18 MEITHEAMH 2012– TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:**

| **Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá 4 cheist sa roinn seo (Uimhir 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba choir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá 3 cheist sa roinn seo (Uimhir 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba choir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá 2 cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt.<br>Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile.

**1. Cuntais Chríochnaitheacha Trádálaí Aonair**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair L. Uí Bhrolcháin, Trádálaí Aonair, ar 31/12/2011.

| | € | € |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 240,000 | |
| Feithiclí Mótair ar a gcostas | 180,000 | |
| Trealamh Oifige ar a chostas | 36,000 | |
| Paitinní | 45,000 | |
| Dímheas carntha – Feithiclí Mótair | | 48,000 |
| Dímheas Carntha – Trealamh Oifige | | 7,100 |
| Caipiteal 01/01/2011 | | 290,000 |
| Díolacháin | | 570,000 |
| Ceannacháin | 320,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 11,400 | |
| Aischuir Isteach (Aischur Díolachán) | 4,600 | |
| Aischuir Amach (Aischur Ceannachán) | | 2,300 |
| Féichiúnaithe | 58,500 | |
| Creidiúnaithe | | 63,700 |
| Pá/Tuarastail | 96,000 | |
| Lascaine Faighte | | 2,700 |
| Speansais Ghinearálta | 26,100 | |
| Stáiseanóireacht | 3,700 | |
| Stoic 01/01/2011 | 36,000 | |
| Coimisiún | 3,000 | |
| Iasacht Téarma (faighte 01/04/2011) | | 100,000 |
| Ús íoctha ar Iasacht | 4,000 | |
| Árachas | 14,300 | |
| Tarraingtí | 16,900 | |
| Banc | | 6,500 |
| CBL. | | 3,100 |
| ÁSPC. | | 5,000 |
| Fógraíocht | 9,400 | |
| Soláthar in aghaidh Drochfhiach | | 2,200 |
| Iarmhéid Brabúis/Caillteanais 01/01/2011 | | 4,300 |
| | €1,104,900 | €1,104,900 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoic le hathdhíol ar 31/12/2011, €31,000.
(ii) Stoc Stáiseanóireachta ar 31/12/2011, €600.
(iii) Ba chóir soláthar a dhéanamh in aghaidh Ús dlite ar Iasacht. Is é an ráta úis ná 10% sa bhliain.
(iv) Is don bhliain dar chríoch 31/03/2012 an fhógraíocht.
(v) Tá an soláthar in aghaidh drochfhiach le coigeartú go dtí 5% d’fhéichiúnaithe.
(vi) Tá soláthar le déanamh in aghaidh dímheasa mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 3% dá gcostas |
| Feithiclí Mótair | 20% dá gcostas |
| Trealamh Oifige | 10% dá ghlanluach de réir na leabhar. |

(vii) San áireamh in Árachas tá seic ar €800, d’árachas ar theach príobháideach L. Uí Bhrolcháin.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas Trádála agus Cuntas Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2011. (80)

**(b)** Clár Comhardaithe a ullmhú mar a bheadh ar 31/12/2011. (40)

**(120 marc)**

**2. Brabús agus Caillteanas Cuideachta**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Uí Dhúill Tta:

- Tá Caipiteal Údaraithe de 900,000 Gnáthscair ar €1 an ceann ag Ó Dúill Tta agus 400,000 Scair Thosaíochta 5% ar €1 an ceann.
- Tá 600,000 Gnáthscair agus 200,000 Scair Thosaíochta 5% eisithe cheana féin ag an gcuideachta.
- Ar 01/01/2011 bhí iarmhéid €95,000 i gCuntas Cúlchiste Ginearálta na cuideachta.
- Bhí brabús €220,000 tugtha ar aghaidh ag Ó Dúill Tta ó 2010 agus thaispeáin na cuntais brabús €180,000 roimh ús agus cáin don bhliain dar chríoch 31/12/2011.
- Le linn na bliana íocadh díbhinn iomlán de 9c an gnáthscair leis na Sealbhóirí Gnáthscaireanna agus íocadh an díbhinn iomlán tosaíochta don bhliain le Sealbhóirí na Scaireanna Tosaíochta.

Ar 31/12/2011 mhol na stiúrthóirí go ndéanfaí:

(i) Soláthar do €24,000 úis.
(ii) Soláthar do €63,000 cánach.
(iii) An Cúlchiste Ginearálta a mhéadú de €15,000.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh**:

**(a)** An **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** a thaispeáint don bhliain dar chríoch 31/12/2011. (35)

**(b)** **Clár Comhardaithe** a ullmhú a thaispeánfaidh na cuntais ábhartha tar éis na soláthairtí agus na leithghabhálacha thuas a dhéanamh. (25)

**(60 marc)**

3. **Ceartú Earráidí agus Cuntas Fionraí**

Níor réitigh Comhardú Trialach C. Nic Liam ar 31/12/2011 agus iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí. Tar éis na leabhair a scrúdú aimsíodh na hearráidí seo a leanas:

1. Breacadh iomlán Leabhar na gCeannachán €25,200 i gcuntas na gCeannachán mar €22,500.
2. Níor iontráladh pá €800 a íocadh le seic sna leabhair.
3. Breacadh earraí a díoladh ar cairde le hAoife Ní Bhriain €1,500 i gcuntas Eibhlín Ní Bhriain.
4. Níor iontráladh earraí a thóg C. Nic Liam le haghaidh úsáid phríobháideach €700 sna leabhair.
5. Bhí an Leabhar Aischur Isteach €500 gann nuair a suimíodh go hearráideach é.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh**:

**(a)** Na ceartuithe is gá **a bhreacadh sa leabhar cúnta**. (35)

**(b)** **Ráiteas maidir le Glanbhrabús Ceartaithe** a ullmhú más ionann an glanbhrabús de réir an chuntais agus €15,700. (25)

**(60 marc)**

**4. Cuntais Chlub**

Bhí siad seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Chlub Peile Naomh Tomás ar **01/01/2011**:

Clubtheach/Páirceanna Imeartha €570,000; Trealamh €25,000; Síntiúis na mBall dlite €600; Stoc Beáir €5,700; Infheistíochtaí €12,000; Speansais dlite €450; Airgead ar láimh €8,800.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh**:

**(a)** Ráiteas a ullmhú a thaispeánann **Ciste Carntha** an chlub ar 01/01/2011. (15)

Is achoimre é seo a leanas ar Fháltais agus ar Íocaíochtaí an chlub don bhliain 2011.

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2011**

| **Fáltais** | **€** | **Íocaíochtaí** | **€** |
|---|---|---|---|
| Airgead ar láimh 01/01/2011 | 8,800 | Ceannacháin Bheáir | 26,200 |
| Síntiúis | 18,000 | Speansais Ghinearálta | 15,900 |
| Díolacháin Bheáir | 35,500 | Ceannach Trealaimh | 4,600 |
| Ús Faighte | 1,300 | Creidiúnaithe Beáir | 2,100 |
| Urraíocht Bhliantúil | 6,000 | Duaiseanna Comórtais | 4,000 |
| Táillí Iontrála Comórtais | 3,700 | Iarmhéid Airgid 31/12/2011 | 20,500 |
| | 73,300 | | 73,300 |

Thug an Cisteoir an t-eolas seo a leanas freisin mar a bhí ar **31/12/2011**:

(i) Stoc Beáir €4,400

(ii) Creidiúnaithe Beáir €750

(iii) Síntiúis réamhíoctha €960

(iv) Speansais dlite €1,150

(v) Dímheas de 10% den chostas le déanamh ar threalamh a bhí ann ar 31/12/2011

(vi) Dímheas de 2% dá gcostas le déanamh ar an gClubtheach/Páirceanna Imeartha.

**Iarrtar ort iad seo a leanas a dhéanamh**:

**(b)** **Cuntas Trádála Beáir** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2011. (9)

**(c)** **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** an chlub a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2011. (30)

**(d)** An téarma 'Síntiúis' **a mhíniú**. (6)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 Marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Mhic Giolla Deacair Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2011:

**Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2011**

| | | € | € |
|---|---|---|---|
| Díolacháin ar creidmheas | | | 740,000 |
| **Lúide**: | Costas Díolachán | | |
| | Stoc 01/01/2011 | ???? | |
| | Móide: Ceannacháin | 456,000 | |
| | | ???? | |
| | Lúide: Stoc 31/12/2011 | 32,000 | |
| | Costas Díolachán | | 490,000 |
| Ollbhrabús | | | ???? |
| **Lúide**: Speansais Iomlána (ús san áireamh) | | | 144,000 |
| Ghlanbhrabús don bhliain | | | 106,000 |

**Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2011**

| | € | € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | 495,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | 90,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 75,000 | 15,000 |
| | | 510,000 |
| **Maoinithe ag**: | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | |
| Bintiúir 5% (2018/2019) | | 140,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchiste** | | |
| Gnáthscaireanna | | 264,000 |
| Cuntas Brabúis/Caillteanais | | 106,000 |
| | | 510,000 |

**(a) Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh**:
(i) An figiúr don Stoc Tosaigh
(ii) Corrlach an Ollbhrabúis
(iii) An tréimhse chairde a fuarthas ó Chreidiúnaithe
(iv) An Cóimheas Fíorthástála (40)

**(b) Mínigh iad seo a leanas**:
(i) Ús Íoctha
(ii) Bintiúir 5% (2018/2019)
(iii) Sócmhainní Leachtacha
(iv) Cistí Scairshealbhóirí (40)

**(c)** An mbeadh deacracht ag Mac Giolla Deacair Tta a gcuid billí a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite? Mínigh do fhreagra. (10)

**(d)** Ba é an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid don bhliain **2010** ná 18%.
(i) Ríomh an cóimheas seo don bhliain 2011.
(ii) Tabhair tuairisc ar bhrabúsacht an ghnólachta in **2011**. (10)

**(100 marc)**

**6. Taifid Neamhiomlána – Cuntais Rialúcháin**

Níor choinnigh Brian Ó Dubhda sraith iomlán leabhar le linn na bliana dar chríoch 31/12/2011.
Is achoimre é seo a leanas ar an gcuntas airgid don tréimhse sin.

| **Fáltais Airgid** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Iarmhéid 01/01/2011 | 38,400 | |
| Féichiúnaithe | 84,300 | |
| Coimisiún | 5,700 | |
| Díolacháin | 174,100 | 302,500 |
| | | |
| **Íocaíochtaí Airgid** | | |
| Ceannacháin | 125,700 | |
| Tarraingtí | 20,800 | |
| Pá agus Speansais Ghinearálta | 48,600 | |
| Creidiúnaithe | 55,300 | |
| Troscán | 16,500 | 266,900 |

Tá an t-eolas breise seo a leanas ar fáil freisin:

| | **01/01/2011** | **31/12/2011** |
|---|---|---|
| Áitreabh | 295,000 | 295,000 |
| Veaineanna Seachadta | 72,000 | 72,000 |
| Féichiúnaithe | 15,400 | 19,200 |
| Creidiúnaithe | 8,300 | 10,800 |
| Stoc | 14,200 | 12,600 |
| Speansais dlite | 2,130 | 890 |

**Nóta:** Déan dímheas ar Veaineanna Seachadta de réir **20%** dá gcostas in aghaidh na bliana.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Caipiteal** Bhriain Uí Dhubhda ar 01/01/2011 a ríomh. (10)

**(b)** **Díolacháin Iomlána** agus **Ceannacháin Iomlána** Bhriain Uí Dhubhda a ríomh agus úsáid á baint as **Cuntais Rialúcháin**. (20)

**(c)** **Cuntas Trádála**, **Brabúis agus Caillteanais** a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2011. (30)

**(d)** **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar 31/12/2011 a ullmhú. (40)

**(100 marc)**

**7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Shepard Tta:

| | € |
|---|---|
| **Brabús agus Caillteanas (sliocht) don bhliain dar chríoch 31/12/2011** | |
| Brabús oibriúcháin | 92,000 |
| Ús íoctha | (6,000) |
| | 86,000 |
| Cáin | (17,000) |
| | 69,000 |
| Díbhinní íoctha | (28,000) |
| Brabús coinnithe | 41,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 1/1/2011 | 54,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2011 | 95,000 |

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2011** | | **31/12/2010** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Talamh agus Foirgnimh | 560,000 | | 470,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (58,000) | 502,000 | (53,000) | 417,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 60,000 | | 61,000 | |
| Féichiúnaithe | 44,000 | | 35,000 | |
| Airgead | 24,000 | | 19,000 | |
| | 128,000 | | 115,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 19,000 | | 13,000 | |
| Cáin | 17,000 | | 16,000 | |
| | (36,000) | | (29,000) | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 92,000 | | 86,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | 594,000 | | 503,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 5% | | 100,000 | | 120,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 389,000 | | 329,000 |
| Scairbhiseach | | 10,000 | | |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | 95,000 | | 54,000 |
| | | 594,000 | | 503,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin **a réiteach** leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** **An Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid** a ullmhú do Shepard Tta don bhliain dar chríoch 31/12/2011 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus fónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní gnáthscaireanna íoctha
6. Maoiniú (65)

**(c)** An Glansreabhadh Airgid **a réiteach** leis an Athrú ar na Glanfhiacha. (5)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

## 8. Costáil Imeallach

Déanann Mac Thomáis Tta aon táirge amháin. Is mar seo a leanas an buiséad bliantúil atá beartaithe don bhliain seo chugainn:

| | € | € |
|---|---|---|
| Díolacháin (50,000 aonad) | | 400,000 |
| Costais Athraitheacha | 170,000 | |
| Costais Sheasta | 36,000 | (206,000) |
| Glanbhrabús | | 194,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An costas díola **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(b)** An costas athraitheach **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(c)** An **Cion Tairbhe** ó gach aonad a dhíoltar a ríomh.

**(d)** An pointe **Mheá ar meá** a ríomh ina mhéid (**aonaid**).

**(e)** An **lamháil sábháilteachta** a ríomh ina hAonaid **agus** ina Luach Díolachán, más iad na díolacháin bhuiséadaithe don tréimhse ná 50,000 aonad.

**(f)** **Ráiteas faoi chostáil imeallach** a ullmhú a mbeidh siad seo a leanas san áireamh ann:

- An praghas díola a laghdú de €2
- Méid na ndíolachán a mhéadú de 10%
- Gach costas eile le bheith gan athrú

**(g)** Mínigh an téarma 'Costas Athraitheach'.
Tabhair sampla **amháin** de chostas athraitheach.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Táirge**

Déanann Ó Marcacháin Tta dhá chineál fón póca ar a dtugtar '**Meigea'** agus '**Gasta'**. Tá díolacháin an dá chineál fón póca agus eolas ábhartha eile don bhliain dar chríoch 31/12/2012 buiséadaithe thíos:

| | **Meigea** | **Gasta** |
|---|---|---|
| Díolacháin Bhuiséadaithe | 2,600 Aonad | 1,200 Aonad |
| Praghas Díola ionchasach | €50 | €70 |

| **Stoc Ionchasach – Earraí Críochnaithe** | **Meigea** | **Gasta** |
|---|---|---|
| Stoc Tosaigh | 160 | 90 |
| Stoc Deiridh | 340 | 250 |

| **Méid Ábhair agus Costais** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
|---|---|---|
| Meigea | 4 g | 6 g |
| Gasta | 2 g | 5 g |
| Praghas Ionchasach in aghaidh an ghraim | €3 | €4 |

| **Stoc Ionchasach – Amhábhair** | **Ábhar A** | **Ábhar B** |
|---|---|---|
| Stoc Tosaigh | 750 g | 530 g |
| Stoc Deiridh | 830 g | 450 g |

| **Am an tSaothair Dhírigh ina uaireanta** | |
|---|---|
| Meigea | 6 huaire |
| Gasta | 8 n-uaire |

| | |
|---|---|
| **Ráta an tSaothair Dhírigh in aghaidh na huaire** | €7 |

**Iarrtar ort na buiséid seo a leanas a ullmhú**:

**(a)** Buiséad Díolachán ina **aonaid** agus ina **€**

**(b)** Buiséad **Táirgeachta**

**(c)** Buiséad **Úsáid Ábhair**

**(d)** Buiséad **Ceannachán Ábhair** ina **aonaid** agus ina **€**

**(e)** Buiséad **Saothair** (pá)

**(f)** Cén fáth a n-ullmhódh Ó Marcacháin Tta Buiséad Táirgeachta?

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán